

SÁRMHAITHÉAS TRÍ
OIDÉACHAS AGUS OILIÚINT

Bord Oideachais agus Oiliúna
Laoise agus Uíbh Fhailí

*Laois and Offaly
Education and Training Board*

PLEAN SEIRBHÍSE 2020

CLÁR ÁBHAIR

1	Teachtaireacht ó Chathaoirleach BOOLUF	4
2	Réamhrá ag an bPríomhfheidhmeannach.....	5
3	Próifíl/Cúlra BOOLUF	6
	<i>Léarscáil Geografach BOOLUF.....</i>	<i>7</i>
4	Ráiteas Straitéiseach.....	8
5	Ráiteas Seirbhísí 2020	9
6	Forléargas ar Sheirbhísí 2020 (Sonrach do ETB)	19
7	Príomh-thionscnaimh Caipitil	20
8	Fáltais agus Caiteachas Measta do 2020	21


1. Teachtaireacht ó Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí

Is mór an áthas orm fáilte a chur roimh Phlean Seirbhíse 2020 thar ceann Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí (BOOLUF). Déanann BOOLUF mar eagraíocht reachtúil obair ar réimse leathan le freagracht as iarbhunscoileanna, breisoideachas agus foráil oiliúna, seirbhísí óige, agus cláir pobail ar fud Laoise agus Uíbh Fhailí.

Bhí riachtanais ár gcuid mic léinn i gcónaí i gcroílár na seirbhíse a thugann BOOLUF agus is é an béim sin a cheadóidh dúinn leanúint ag cloí le riachtanais oideachais agus oiliúna an réigiúin, a athraíonn go minic, as seo amach.

Leagann an Plean Seirbhíse amach réimse cuimsitheach gníomhaíochtaí le bheith déanta ag colúin Scoileanna, Breisoideachas agus Oiliúint, agus Tacaíocht Eagraíochta agus Forbairt in 2020. Leagann an Plean Seirbhíse amach freisin an fhaisnéis airgeadais a bhaineann leis chomh maith le Príomhtháscairí feidhmíochta chun cuidiú le monatóireacht agus measúnú ar a chur i bhfeidhm. In 2020 fanann béim na heagraíochta leanúnach agus muid ag déanamh ár ndícheall chun oideachas ar feadh an tsaoil ar an gcaighdeán is airde indéanta a thabhairt, mar aon le deiseanna oiliúna do gach pobal thar Laois agus Uíbh Fhailí.

Ba mhaith liom mo mhíle buíochas a léiriú dár bPríomhfheidhmeannach, Joe Cunningham, a fhoireann bainistíochta, agus an fhoireann ar fad ag BOOLUF as a thiomantas leanúnach agus díogras d'oideachas agus oiliúint thar cionn. Ar deireadh, ba mhaith liom a aithint, le mo bhuíochas macánta, obair bhaill eile an Bhoird a chuireann a gcuid ama agus díogras dílis isteach i dtreo rialachais BOOLUF.



Neil Feighery
Cathaoirleach

2. Réamhrá ag an bPríomhfheidhmeannach

Forbairíodh an Plean Seirbhíse chun tacú le cur i bhfeidhm ár Ráitis Straitéisigh 2018-2022. Cé go leagann an Ráiteas Straitéiseach ár dtosaíochtaí agus aidhmeanna thar tréimhse 5 bhliana, is tábhachtach próiseas a chur ar fáil chun tacú lena seachadadh ar feadh saolré na straitéise seo. I bhforbairt an Phlean Seirbhíse, reachtáladh próiseas comhairleoireachta le bainistíocht shinsearach thar gach réimse forála chun a chinntiú go bhfuil na bearta leagtha amach chun seachadta an Phleain Seirbhíse oiriúnach do thosaíochtaí agus aidhmeanna ginearálta cinntithe inár Ráiteas Straitéise. Cinntíonn an próiseas comhairleoireachta freisin go bhfuil torthaí atá leagtha amach do 2020 indéanta agus faoi úinéireacht na bainistíochta sinsearaí ina réimsí forála seirbhíse faoi seach.

Is fianaise é an fás ar líon na mac léinn a théann go dtí ár Scoileanna agus Ionaid Oideachais agus Oiliúna (FET) go bhfuil ag éirí go maith lenár gcuid oibre go leanúnach agus dá bhrí sin teastaíonn machnamh cúramach agus pleanáil airgeadais stuama chun a chinntiú go bhfuil na acmhainní riachtanacha ar fáil chun an gníomhaíocht phleanáilte a sheachadadh ar bhealach éifeachtach.

Ba mhaith liom mo bhuíochas agus ómós do:

- An Cathaoirleach agus baill an Choiste Airgeadais as an plean a mholadh,
- An Cathaoirleach agus baill Bhoird BOOLUF as an plean a bhreithniú agus a fhaomhadh,
- Baill Bhoird Bainistíochta agus coistí BOOLUF a chuireann a gcuid ama isteach chun obair an Bhoird a chur chun cinn;

Ar deireadh, ba mhian liom aitheantas a thabhairt do bhainistíocht agus foireann ár scoileanna, ionaid, seirbhísí, agus oifigí riaracháin as a dtiomantas leanúnach agus díogras do BOOLUF agus táim ag tnúth chun oibriú in éineacht leo chun cur i bhfeidhm an phleain a chinntiú.



Seosamh Ó Cuinneagáin
Príomhfheidhmeannach

3. Próifíl BOOLUF


Bunaíodh BOOLUF ar an 1 Iúil 2013 agus is comhlacht reachtúil é a thugann seirbhísí oideachais agus oiliúna le haghaidh Laoise agus Uíbh Fhailí. Tugann BOOLUF seirbhísí oideachais agus oiliúna do dhaoine 162,658 thar dhá chontae.

Is aidhm le BOOLUF ceadú dár gcuid mic léinn sármhaitheas a bhaint amach. Déanaimid ár ndícheall chun eispéiris foghlama a fhreagraíonn do riachtanais na mac léinn gach aoise agus cumais a chur ar fáil. Cuirimid treoraíocht agus tacaíochtaí ar fáil dár mic léinn chun cuidiú leo a n-aidhmeanna foghlama agus cáilíochtaí a bhaint amach. Bíonn roghanna aistrithe agus forchéimnithe ar fáil againn dár mic léinn chun go mbeidh an seans is mó acu breisoideachas agus oiliúint a lorg agus fostaíocht a fháil. Aithnímid an tábhacht a bhaineann le boinn agus acmhainní cuí dár mic léinn inár dtiomantas chun oideachais ionchuimsithigh. Tugaimid aird ar ár bhfreagrachtaí maidir le cearta daonna agus comhionannas, mar sholáthraí seirbhíse agus fostóir araon. Tuigimid tábhacht na teicneolaíochta mar bhealach chun feabhas a chur ar fhoghlaim, comhoibríocht agus cumarsáid i measc ár mic léinn agus geallshealbhóirí. Chuige sin, táimid ag obair chun a chinntiú go bhfuio ár gcórais digiteacha inrochtana, iontaofa, agus cosanta. Ba mhian linn leanúint ag fás mar eagraíocht foghlama agus cinníonn muid go bhfuil rochtain ag ár bhfoireann ar dheiseanna forbartha gairmiúla leanúnacha. Áirítear leis sin ceadú d'fhoireann machnamh a dhéanamh ar a gcleachta féin, cur lena scileanna, agus comhoibriú le comhoibríthe. Aithnímid gur féidir forbairt ghairmiúil a éascú i go leor bealaí; ó chlár creidithe go ceardlanna agus gréasáin foghlama gairmiúla. Táimid buíoch go bhfuil cuid mhaith d'obair ár n-eagraíochta cumasaithe ag foireann tacaíochta agus riaracháin inár scoileanna, ionaid, agus seirbhísí agus ag príomhfheidhmeanna tacaíochta ag an bPríomhoifig. Cuirimid luach an-ard ar an gcúnamh déanta ag go leor coistí a thacaíonn le BOOLUF ag leibhéal eagraíochta agus inár scoileanna agus Ionaid FET. Oibrímid freisin i gcomhpháirtíocht le príomh-eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta chun seirbhís ar ardchaighdeán a thabhairt dár mic léinn.

Tá achoimre thíos ar fhíricí agus figiúirí maidir le BOOLUF in 2020.

SEIRBHÍSÍ	LÍON NA LÁITHREACHA	LÍON NA RANNPHÁIRTITHE
Scoileanna iarbhunscoile	9	3,920
Breisoideachas agus Oiliúint	26	12,300 beneficiaries

Léarscáil Geografach BOOLUF



4. Ráiteas Straitéiseach

Is é ár bhfís chun foráil oideachais agus oiliúint ar ardchaighdeán a sholáthar i Laois agus Uíbh Fhailí. Is é ár misean ná sármhaitheas trí oideachas agus oiliúint. Cuirimid foghlaim i gcroílár gach rud a dhéanaimid i rith foráil réimse leathan cláir oideachais agus oiliúna, seirbhísí, agus tacaíochtaí do dhaoine óga agus fásta thar réigiún BOOLUF.

Creidimid gur fíorthábhachtach í an fhoghlaim ar feadh an tsaoil ar mhaithe le forbairt phearsanta agus leas, ionchuimsiú sóisialta, agus rath eacnamaíoch. Is mar a leanas ár bpríomhluachanna mar sholáthraí seirbhíse:

Comhionannas

Cóir, meas, agus ionchuimsiú ag caitheamh lenár mic léinn, geallshealbhóirí, agus foireann agus cultúr na héagsúlachta ina gcuirtear fáilte agus luach san éagsúlacht.

Gairmiúlacht

Béasacht, éifeachtacht agus sármhaitheas ag déileáil lenár mic léinn, geallshealbhóirí agus foireann agus oibriú ar na caighdeáin is airde oideachais agus oiliúna.

Comhoibríocht

Obair i gcomhpháirtíocht lenár mic léinn, geallshealbhóirí agus foireann chun roinnt feasa, saineolais agus scileanna a éascú.

Macántacht

Macántacht, follasacht, agus rúndacht agus cloí lenár bhfreagrachtaí mar sholáthraí foghlama ar feadh an tsaoil ar bhealach comhleanúnach eiticíúil.

Nuálaíocht

Fanacht mar cheannaire i bhforáil oideachais agus oiliúna le smaointe nua, ag baint triail as cur chuige éagsúla agus ag freagairt d'athruithe.

Socraíonn Ráiteas Straitéise BOOLUF ardleibhéal aidhmeanna don eagraíocht faoi réir ceithre Aidhm Straitéiseach:

1. Oideachas agus oiliúint thar cionn

2. Eispéreas thar barr do mhic léinn

3. Bunathrú Eagraíochta

4. Forbairt Fhoirne

Tagraíonn na aidhmeanna nach amháin do theagasc agus foghlaim ach freisin d'fheabhsú ar ár seirbhísí tacaíochta agus ár seirbhísí eagraíochta. Tá go leor tosaíochtaí straitéiseacha ag tacú le gach aidhm. Tá na tosaíochtaí sin deartha chun cuidiú le BOOLUF déileáil le deiseanna agus dúshláin atá ag an eagraíocht thar an cúig bhliana atá le teacht. Le réimse casta seirbhísí seachadta do roinnt leathan an phobail, is rí-thábhachtach go leanann BOOLUF ag tógáil a acmhainn straitéiseach ar leibhéal na heagraíochta agus níos tábhachtaí fiú, mar sholáthraí foghlama ar feadh an tsaoil. Cuireann an Straitéis béim ar chomhionannas agus ionchuimsiú sóisialta gníomhach. Tá freagrachtaí ag BOOLUF maidir le cearta daonna agus comhionannas, mar sholáthraí seirbhíse agus fostóir araon. Chuige sin, táimid ag leanúint linn ag forbairt cleachtais agus nósanna imeachta chun idirdhealú a dhíbirt, comhionannas ar dheiseanna agus iompar a chur chun cinn dár mic léinn agus foireann, agus cearta daonna a chosaint dóibh sin uile a dtugaimid fostaíocht nó seirbhísí dóibh.

5. Ráiteas Seirbhísí 2020

Faoi réir téarmaí an Chomhaontaithe Seachadta Feidhmíochta idir an Roinn Oideachais agus Scileanna agus BOOLUF, aithníodh na aidhmeanna agus tosaíochtaí a leanas. Is mar a leanas na gníomhartha chun na tosaíochtaí sin a bhaint amach, in éineacht leis na táscairí feidhmíochta bainteacha agus targaid le seachadadh:

AIDHM: ISPÉIREAS MAC LÉINN/FOGHLAIMEORA A OPTAMÚ

TOSAÍOCHT	GNÍOMH	TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA	TARGAID
<p>Eispéireas dearfach foghlama a thabhairt do gach mic léinn/ foghlaimeoirí, lena n-áirítear foghlaimeoirí ó ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste</p> <p>Cur chuige gutha mac léinn/ foghlaimeora a chur chun cinn chun réimsí a aithint atá ag obair go maith agus réimse a dteastaíonn feabhas uathu</p>	<ul style="list-style-type: none"> Samhail Ionaid FET a fhairsingiú le foráil comhtháite cláir agus seirbhísí ar shuíomhanna aonair Cur chuige gutha mac léinn/ foghlaimeora a leabú i measc scoileanna agus ionaid 	<ul style="list-style-type: none"> Bhí Samhail Ionaid FET fairsingthe go Clara, Biorra, agus Institiúid Portlaoise Léireoidh cleachta agus polasaí ionchur gutha mac léinn agus foghlaimeora 	<p>Q3</p> <p>Q3-Q4</p>
<p>Curaclam leathan machnaimh a thabhairt ar riachtanais agus suimeanna mac léinn agus foghlaimeora</p>	<ul style="list-style-type: none"> Cláir ardchaighdeán le ardleibhéil coinneála foghlaimeoirí, éacht agus dul chun cinn Smaoineamh ar chúrsaí gearra a chur ar fáil don sraith shóisearach Cinntiú go gcuirtear modhanna suimitheacha agus foirmitheacha aiseolais i bhfeidhm i scoileanna Cinntiú go n-úsáidtear modheolaíochtaí AFL/AOL laistigh láithreacha scoile 	<ul style="list-style-type: none"> Targaid a bhaint amach de réir Comhaontaithe Feidhmíochta Straitéisigh BOOLUF/SOLAS. Déanfar plé gearr ar an gcúrsa le linn cruinnithe an phríomhoide 	<p>Q4</p> <p>Q4</p>

AIDHM: ISPÉIREAS MAC LÉINN/FOGHLAIMEORA A OPTAMÚ

TOSAÍOCHT	GNÍOMH	TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA	TARGAID
Córais Dearbhaithe Caighdeáin a Chur i bhFeidhm	<ul style="list-style-type: none"> Athbhreithniú a thabhairt ar chosáin forchéimníthe agus roghanna forchéimníthe eile a aithint do gach mic léinn Polasaí Rochtana, Aistrithe, agus Forchéimníthe a fhorbairt Samhail oiliúna leanúnach a thabhairt do SSE i scoileanna Tacaíocht Phleanála DEIS a thabhairt do scoileanna Athbhreithniú cáilíochta ar réimse tosaíochta áirithe MGL chun cáilíocht na seirbhíse a chinntiú 	<ul style="list-style-type: none"> Comhaontuithe Tríú Leibhéil nua á bhforbairt le AIT agus ITC Próiseas Iontrála Comónta forbartha Beidh Polasaí Clárúcháin Comónta chun machnamh ar Acht Iontrálacha Scoile ag oibriú i ngach scoileanna DEIS agus SSE leabaithe i scoileanna agus polasaithe scoile Scaipeadh athbhreithnithe MGL chuig Príomhoifig 	<p>Q3</p> <p>Q3</p> <p>Q3</p> <p>Q1-Q4</p> <p>Q2</p>
Tacú le mic léinn/foghlaimoirí a bhfuil riosca míbhuntáistí oideachasúla orthu i gcomhréir le polasaí náisiúnta reatha	<ul style="list-style-type: none"> Foirne Oideachais Speisialta a chruthú/a fhorbairt i ngach scoileanna 	<ul style="list-style-type: none"> Cur i bhfeidhm leanúnach samhla SEN/SET i scoileanna 	<p>Q3</p>
Seirbhísí treoraíochta agus comhairleoireachta a thabhairt	<ul style="list-style-type: none"> Cur chuige na scoile ar fad a fhorbairt chun treoraíochta a phleanáil i scoileanna 	<ul style="list-style-type: none"> Samhail Treoraíochta Comhtháite Nua á fhorbairt Beidh Polasaithe Treoraíochta ag breathnú ar chur chuige na scoile ar fad 	<p>Q3</p> <p>Q4</p>
Áiseanna foghlama/oiliúna ardchaighdeáin a thabhairt	<ul style="list-style-type: none"> Tosaíochtaí a aithint i gcomhair feabhsúcháin i bhfoirgnimh agus maoiniú a lorg ó fhoinsí ábhartha Iníúchadh Sláinte agus Sábháilteachta a dhéanamh go rialta inár n-áitribh 	<ul style="list-style-type: none"> Áis Ionaid FET nua a aithint i mBiorra agus acmhainn Oiliúna breise i dTulach Mhór Déanfar measúnú ar rioscaí i ngach Ionaid agus Scoileanna agus Oifigí Riaracháin 	<p>Q1</p> <p>Q1-Q2</p>

AIDHM: ISPÉIREAS MAC LÉINN/FOGHLAIMEORA A OPTAMÚ

TOSAÍOCHT	GNÍOMH	TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA	TARGAID
Oideachas allamuigh a chur chun cinn agus a fhorbairt	<ul style="list-style-type: none"> Leanúint ag forbairt gníomhaíochtaí chun a chinntiú go bhfuil táirgiúlacht ar bhonn bliantúil ag an ionad Oibriú i gcomhoibríocht le Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúla chun rannpháirtíocht a ardú i ngníomhaíochtaí allamuigh do dhaoine gach aoise a dhéanann aclaíocht allamuigh agus spóirt eachtraíochta faoi réir 'Ciste Nuálaíochta Allamuigh' 	<ul style="list-style-type: none"> Cuirfear Scoil is Aclaí Uíbh Fhailí, Siúlóid Portach, Rian Rothaíochta Shliabh Bladhma leis an gclár gníomhaíochtaí Ag oibriú go háitiúil le comhpháirtithe m.s, seirbhísí Óige, scoileanna áitiúla / grúpaí forbartha pobail / grúpaí míchumais / eagraíochtaí, moil allamuigh chun clár eachtraíochta a sholáthar a chuireann béim ar aclaíocht agus áiseanna sosa sa timpeallacht nádúrtha 	<p>Q4</p> <p>Q2</p>
Plean i gcomhair déimeagrafaigh atá ag athrú	<ul style="list-style-type: none"> Athbheithniú a dhéanamh ar líon na mac léinn i scoileanna fhriothálacha agus cionroinn na mac léinn a théann go dtí scoileanna BOOLUF 	<ul style="list-style-type: none"> Déanfar anailís ar líon na mac léinn i scoileanna BOOLUF Ardú feasachta ar eiseadh agus acmhainneacht na Scoile Náisiúnta Pobail 	Q3
Idirbheartaíocht éifeachtach le fostóirí	<ul style="list-style-type: none"> Leanúint ag fairsingiú, ionchuimsiú agus ag ailíniú forála chun cloí le riachtanais na mac léinn, fostóirí, agus geilleagar áitiúil 	<ul style="list-style-type: none"> Seirbhí Tacaíochta do Ghnóthais FET bunaithe Déanfaidh Foireann Tacaíochta agus Forbartha do Ghnóthais straitéis chumarsáide a fhorbairt bunaithe ar chur chuige Bainistíochta ar Chaidrimh an Chustaiméara. 	<p>Q1</p> <p>Q2</p>
Cláracha oiliúna agus printíseachta a sholáthar is a fhorbairt		<ul style="list-style-type: none"> Cur le foráil Oiliúna de réir SPA Printíseacht Scaflála ag feitheamh ar bhailíochtú 	<p>Q4</p> <p>Q2</p>
Cinntiú go bhfuil gach bearta cosanta riachtanacha do pháistí i bhfeidhm i gcomhréir le Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna Bunscoile agus Iarbhunscoile 2017	<ul style="list-style-type: none"> Foráil deiseanna oiliúna leanúnacha do bhainistíocht na scoile 	<ul style="list-style-type: none"> Cuairt chomhréireachta ar gach scoil 	Q1

AIDHM: ISPÉIREAS MAC LÉINN/FOGHLAIMEORA A OPTAMÚ

TOSAÍOCHT	GNÍOMH	TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA	TARGAID
Áit tosaíochta athabhairt do STEM/STEAM i scoileanna	<ul style="list-style-type: none"> Oíche ealaíne Bliantúil BOOLUF a eagrú chun ealaín a chur chun cinn i scoileanna Rannpháirtíocht Sci-Fest a chur chun cinn i measc scoileanna 	<ul style="list-style-type: none"> Oíche Ealaíne BOOLUF in Ionad Ealaíne Dhún Másc Ealaín BOOLUF ar taispeáint scoileanna i bPríomhoifig Rannpháirtíocht mac léinn in ócáidí Sci-Fi 	<p>Q1</p> <p>Q1-Q4</p> <p>Q3</p>
Ardchaighdeán tacaíochta foghlama ICT a thabhairt i scoileanna/ionaid	<ul style="list-style-type: none"> An Straitéis Dhigiteach a chur i bhfeidhm i ngach scoileanna Comhoibríocht a chur chun cinn i measc múinteoirí agus teagascóirí trí úsáid agus tacaíocht ICT 	<ul style="list-style-type: none"> Úsáid Microsoft SharePoint agus Foirne i measc múinteoirí chun roinnt ábhair agus modheolaíochtaí a ardú i measc rannóga faoina réir Ceardlanna agus ócáidí PD i dTeicneolaíocht in Oideachas, Múineadh agus Foghlaim Gníomhach, Microsoft 265 soláthraithe don fhoireann Wifi suiteáilte in Ionad FET Tulach Mhór 	<p>Q1-Q4</p> <p>Q1-Q4</p>
Deiseanna aiseolais a fheabhsú do mhic léinn agus tuismitheoirí Comhionannas agus ionchuimsiú sóisialta gníomhach	<ul style="list-style-type: none"> Leanúint ag cur chun cinn agus ag forbairt éitis ionchuimsithe sóisialta gníomhaigh Deiseanna a thabhairt do Ghuth Mac Léinn (SV) chun cuidiú le polasaithe nua agus cleachta laistigh scoileanna agus ionaid Riachtanais na n-óg a chuardach, a aithint is a chur in áit tosaíochta i Laois agus Uíbh Fhailí Plean Oibre cúig bhliana don Óg a forbairt UBU Your Place Your Space a chur i bhfeidhm. (Scéim Maoinithe Dírithe don Óige) 	<ul style="list-style-type: none"> Struchtúr FET nua curtha i bhfeidhm chun fás Réime Ionchuimsithe BOOLUF a chur in áit tosaíochta Bainisteoir Ionchuimsithe (Grád AEO) le cur le Struchtúr Rialachais FET Comhairle Foghlaimeora (píolóta) tosaithe in Ionad FET Tulach Mhór Faigheann polasaí agus cleachta tionchar ó thaighde agus straitéis náisiúnta Plean Oibre faofa Tá UBU Your Place Your Space leabaithe mar mheicníocht mhaoinithe do sheirbhísí óige 	<p>Q1</p> <p>Q1</p> <p>Q1</p> <p>Q4</p> <p>Q4</p> <p>Q4</p>

AIDHM: ISPÉIREAS MAC LÉINN/FOGHLAIMEORA A OPTAMÚ

TOSAÍOCHT	GNÍOMH	TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA	TARGAID
Múineadh, foghlaim, agus measúnú sármhaith do gach duine	<ul style="list-style-type: none"> • Freagraí nuálaíocha a fhorbairt trí Chúrsaí Oiliúna/ Printíseachtaí chun cloí le riachtanais an gheilleagair áitiúil • Fóram a bhunú d'fhoireann chun comhoibríocht agus roinnt eolais, scileanna agus acmhainní a éascú 	<ul style="list-style-type: none"> • Foráil Cúrsaí Oiliúna de réir SPA 2020 Targaid: 340 • Athbhreithniú forála Chúram Leanáí FET • Pobal Cleachta forála Chúram Sláinte FET bunaithe • Pobal Cleachta TEL bunaithe 	<p>Q4</p> <p>Q1-Q4</p> <p>Q1-Q4</p> <p>Q1-Q4</p>

AIDHM: TACAÍOCHT FOIRNE

TOSAÍOCHT	GNÍOMH	TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA	TARGAID
Earcaíocht agus coinneáil foirne	<ul style="list-style-type: none"> • Athbhreithniú agus nuashonrú ar ár bpolasaithe Earcaíochta agus HR agus nósanna imeachta chun a chinntiú go léiríonn siad dea-chleachta 	<ul style="list-style-type: none"> • Oiliúint Boird a roghnú ar Agallaimh Bunaithe ar Inniúlacht • Polasaí HR Nuashonraithe agus nósanna imeachta • Rannpháirtíocht ar an nGréasán Tacaíochta Comhpháirtí Chearta Daonna • Seirbhís Phinsin le bheith nuashonraithe ar Core • Earcaíocht foirne le bogadh chuig SharePoint 	<p>Q2</p> <p>Q2</p> <p>Q4</p> <p>Q4</p> <p>Q2</p>

AIDHM: TACAÍOCHT FOIRNE

TOSAÍOCHT	GNÍOMH	TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA	TARGAID
Tacú le foireann i bhforbairt ghairmiúil leanúnach	<ul style="list-style-type: none"> Deiseanna Forbartha Gairmiúla ar ardchaighdeán A thabhairt don fhoireann ar fad 	<ul style="list-style-type: none"> Mairís Oiliúna le forbairt do gach Foireann OSD Oiliúint tugtha d'fhoireann OSD i scoileanna/ionaid Oiliúint ar chóras Core agus Díl Fostaíochta Oiliúint cheannasaíochta a thabhairt do cheannairí dóchúla agus reatha i scoileanna Oiliúint i modhanna measúnaithe do gach scoileanna Idirbheartaíocht le Léargas ar cheannasaíocht, ICT, tionscnaíochtaí múinteora Idirbheartaíocht le Comhairle Teagaisc ar athbhreithniú múinteora Lá oiliúna sonracha do MGL (Glúin Ceoil Laoise) 	<p>Q3</p> <p>Q1-Q4</p> <p>Q3-Q4</p> <p>Q1-Q4</p> <p>Q1-Q4</p> <p>Q1-Q4</p> <p>Q1-Q4</p> <p>Q1-Q4</p> <p>Q3-4</p>
Ceannasaíocht ar ardchaighdeán a fhorbairt agus tacú leis ag BOOLUF	<ul style="list-style-type: none"> Clár ceannasaíochta gníomhach a fhorbairt d'fhoireann, le ceannairí meánacha agus sinsearach ann Deiseanna forbartha gairmiúla a thabhairt do cheannairí dóchúla 	<ul style="list-style-type: none"> Oiliúint Cheannaireachta do Mheán-Bhainistíocht in OSD MA i dTeagasc agus Foghlaim (Ceannasaíocht Acadúil) FET Oiliúint i gCeannasaíocht agus Bainistíocht ar Athruithe - Bainistíocht FET Oiliúint BOOLUF agus ETBI do bhainistíocht scoile 	<p>Q 1</p> <p>Q4</p> <p>Q2</p> <p>Q1-Q3</p>
Feasacht a chur chun cinn ar shláinte agus sábháilteacht	<ul style="list-style-type: none"> Sláinte agus sábháilteacht a leabú i bpolasaí agus cleachta 	<ul style="list-style-type: none"> Ráitis Sláinte agus Sábháilteachta forbartha do gach scoileanna/ionaid le bheith faoi fheidhmiú céimneach le oiliúint Clár Roghnaigh Sábháilteacht a úsáid i Scoileanna agus Ionaid 	<p>Q2-Q3</p> <p>Q1-Q4</p>

AIDHM: TACAÍOCHT FOIRNE

TOSAÍOCHT	GNÍOMH	TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA	TARGAID
Timpeallacht oibre dearfach spreagúil a sholáthar		<ul style="list-style-type: none"> Ócáid bhliantúil um leas foirne agus teaghlaigh 	Q2
Tacú le leas foirne	<ul style="list-style-type: none"> Ár gclár Leasa a chur chun cinn do gach ball foirne 	<ul style="list-style-type: none"> Córas EAP ar SharePoint le haghaidh rochtana do gach ball foirne Clár leasa foirne tugtha d'fhoireann chúnta i scoileanna agus ionaid Dualgas chearta daonna agus comhionannais earnála poiblí a chur i bhfeidhm, le cur chuige bunaithe ar luachanna Leas foirne a chur chun cinn ag ócáid Chruinnithe Foirne gach Márta 	<p>Q1-Q4</p> <p>Q1</p> <p>Q1-Q4</p> <p>Q1</p>
Comhoibríocht agus roinnt eolais a chur chun cinn	<ul style="list-style-type: none"> Straitéis pleanála comharbais a fhorbairt chun leanúnachas seirbhíse a chinntiú Forbairt leanúnach ghrúpaí oibre teicniúla inmheánacha chun eolas dea-chleachtais agus roinnt eolais a fháil 	<ul style="list-style-type: none"> Leanúint ag forbairt lámhleabhair oibriúcháin agus nuashonrú a thabhairt do gach cáipéis nós imeachta 	Q1-Q4

AIDHM: RIALACHAS

TOSAÍOCHT	GNÍOMH	TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA	TARGAID
Struchtúr eagraíochtúla agus córais a fhorbairt chun cloí le riachtanais na heagraíochta a athraíonn i gcónaí	<ul style="list-style-type: none"> Athbheithniú ar struchtúr POR, ráitis freagrachta do gach scoileanna Athbheithniú ar Chomhpháirtíocht idir Scoil Ceoil Laoise agus BOOLUF 	<ul style="list-style-type: none"> Ráitis POR nuashonraithe go bliantúil Athbheithniú déanta le Comhairle contae Laoise Struchtúr Bhainistíochta FET nua curtha i bhfeidhm 	<p>Q2</p> <p>Q3</p> <p>Q1</p>

AIDHM: RIALACHAS

TOSAÍOCHT	GNÍOMH	TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA	TARGAID
Cúrsaí agus riosca airgeadais a bhainistiú go héifeachtach		<ul style="list-style-type: none"> Athbhreithniú míosúil ar ioncam agus caiteachas Córas íocaíochta ar líne le bheith curtha i bhfeidhm i dTulach Mhóir FET, Mount Lucas FET agus Biorra OEC Athbhreithniú Cáilíochta agus nuashonrú ar an Taifead Riosca Cruinnithe rialta idir fhoireann OSD agus Stiúrthóirí maidir le cúrsaí airgeadais, cionroinnt foirne, srl. 	<p>Q1-Q4</p> <p>Q2-Q3</p> <p>Q1-Q4</p> <p>Q1-Q4</p>
Acmhainní a úsáid go héifeachtach		<ul style="list-style-type: none"> Leanúint ag feidhmiú céimneach Plean Sholáthar Corparáidigh Foráil gach cláir gnó, cáipéisíocht, tuarascálacha, srl le haghaidh rochtana ag an mBord agus baill fo-choistí ar SharePoint Foráil gach Polasaí/Ciorcláin ar SharePoint don Fhoireann Comhaid a scanadh d'Fhostaithe nua 2020/21 	<p>Q4</p> <p>Q1</p> <p>Q1-Q4</p> <p>Q3-Q4</p>
Cumarsáid éifeachtach	<ul style="list-style-type: none"> Ár bpríomhluachanna BOOLUF a leabú agus a chinntiú go bhfuil siad i gcroílár ár n-oibre laistigh na heagraíochta Branda BOOLUF a fhorbairt agus straitéis mhargaíochta a fhorbairt ar fud na heagraíochta Foráil eolais don phobail a fheabhsú Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí a Fhorbairt 	<ul style="list-style-type: none"> Tá príomhluachanna comhaontaithe BOOLUF i gcroílár ár bpolasaithe athbhreithnithe ar Iontrálacha/Clárúcháin. Beidh tionchar ag polasaithe eile air sin le ham Feachtas áitiúil/réigiúnach "This is FET" Ionad Faisnéise le bunú i bPortlaoise 	<p>Q2</p> <p>Q3</p> <p>Q2</p>

AIDHM: RIALACHAS

TOSAÍOCHT	GNÍOMH	TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA	TARGAID
Comhaontuithe Seirbhíse a Fhorbairt le geallshealbhóirí seachtracha		<ul style="list-style-type: none"> Athbhreithniú ar gach Comhaontuithe Seirbhíse i bhfeidhm Comhaontuithe Seirbhíse nua a fhorbairt de réir gá 	<p>Q2</p> <p>Q1-Q4</p>
Cosaint éifeachtach sonraí a chinntiú		<ul style="list-style-type: none"> Polasaí GDPR um Chosaint Sonraí a Nuashonrú Oiliúint GDPR do Bhaill an Bhoird Oiliúint ar líne GDPR do gach múinteoir agus foireann nua 	<p>Q1-Q4</p> <p>Q2</p> <p>Q1-Q4</p>
Idirbheartaíocht éifeachtach a dhéanamh le geallshealbhóirí agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt	<ul style="list-style-type: none"> BOOLUF a chur chun cinn mar thacadóir comhpháirtíochtaí 	<ul style="list-style-type: none"> Bíonn rannpháirtíocht ag FET SMT i struchtúir forbartha áitiúla agus pobail m.s. LCDC, comhlachtaí comhpháirtíochtaí) Bíonn idirbheartaíocht ag scoileanna le pobail áitiúla, eagraíochtaí spóirt agus comhpháirtíochtaí ar go leor cláir gairmiúla, spóirt nó bunaithe ar phobail 	<p>Q1-Q4</p> <p>Q1-Q4</p>
Lean dea-chleachta i soláthair		<ul style="list-style-type: none"> Leanúint ag feidhmiú céimneach Plean Sholáthar Corparáidigh Foráil oiliúna d'fhoireann bainteach le soláthair ag an bPríomhoifig, Scoileanna agus Ionaid Cruinnithe Bainistíochta Conartha le soláthraithe agus foireann soláthair Leanúint ag obair le OGP agus EPS 	<p>Q4</p> <p>Q1-Q3</p> <p>Q1-Q4</p> <p>Q1-Q4</p>

AIDHM: RIALACHAS

TOSAÍOCHT	GNÍOMH	TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA	TARGAID
Comhréireacht a chinntiú le riachtanais reachtúla agus rialála	<ul style="list-style-type: none"> Plean Seirbhíse a chríochnú in am, mar aon le Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 	<ul style="list-style-type: none"> Leanúint ag cinntiú go gcríochnófar an Plean Seirbhíse, Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais ar bhealach tráthúil 	Q1
Comhréireacht iomlán a chinntiú le Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna Bunscoile agus Iarbhunscoile 2017	<ul style="list-style-type: none"> Oiliúint um Chosaint Leanaí tugtha go bliantúil le haghaidh bainistíochta scoile agus do mhúinteoirí trí chlár oiliúna ar líne Ráiteas um Chosaint Leanaí uileghabhálach a fhorbairt do BOOLUF 	<ul style="list-style-type: none"> Tuarascáil forléargais um chosaint Leanaí ar gach clár gnó BOM i scoileanna Ráiteas um chosaint leanaí infheicthe i ngach scoil Cuairt chomhréireachta ar scoileanna ar bhonn bliantúil Ráiteas um Chosaint Leanaí uileghabhálach le haghaidh BOOLUF i bhfeidhm 	<p>Q1-4</p> <p>Q2</p> <p>Q2</p> <p>Q2</p>
Féiniúlacht mar sholáthraí ceannasach agus cultúr nuálaíochta agus bearta feabhsúcháin a chothú Rialachas eiticíúil a chur chun cinn chun cuntasacht agus luach ar airgead a chinntiú	<ul style="list-style-type: none"> Ár bpríomhluachanna a leabú agus a chinntiú go bhfuil siad i gcoilár ár n-oibre laistigh na heagraíochta Athbhreithniú agus measúnú a thabhairt ar ár bpolasaithe, nósanna imeachta, agus córais chun feabhas a chur ar ár seirbhísí 	<ul style="list-style-type: none"> Cód Oiliúna Rialachais do Choiste Airgeadais agus Iniúchta agus Coiste Riosca Oiliúint do Bhaill an Bhoird ar S29, Oiliúint Agallaimh Bunaithe ar Inniúlacht Athbhreithniú ar Pholasaithe agus Nósanna Imeachta Síniú amach ag scoileanna/ionaid/riarthóir ar cháipéisí Rialaithe Inmheánacha Leanúint ag feidhmiú céimneach CPP (Plean Sholáthar Corparáidigh) Cód Rialachais Oiliúna do gach ball foirne Cáipéisí SIPO a chríochnú don Choiste Boird, Iniúchta agus Riosca, Coiste Airgeadais agus gach poist sannta fostaíochta lena n-áirítear gach foireann sa Roinn Soláthair 	<p>Q1</p> <p>Q1</p> <p>Q1-Q4</p> <p>Q1-Q4</p> <p>Q1-Q4</p> <p>Q2</p> <p>Q1</p>

AIDHM: CLÁIR COSANTA

TOSAÍOCHT	GNÍOMH	TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA	TARGAID
Cabhrú le DES, de réir gá, cloí le riachtanais a eascraíonn ón gClár Éireannach um Chosaint na dTeifeach agus foráil d'iarthóirí chosaint idirnáisiúnta	<ul style="list-style-type: none"> Leanúint sa chomhoibríocht le grúpaí oibre idirghníomhaireachta agus tacú le oibríthe chun a chinntiú go bhfuiltear ag cloí le riachtanais oideachais na dteifeach 	<ul style="list-style-type: none"> Gach foghlaimoirí measúnaithe leis an gCreat Eorpach agus curtha ar an gclár cuí 	Q1-Q4

6. FORLÉARGAS AR SHEIRBHÍSÍ

Is é BOOLUF ceann de príomh-fhostóirí i lár na tíre le 1,000 ball foirne ag tabhairt oideachais do beagnach 4,000 mac léinn ag leibhéal iarbhunscoile agus os cionn 12,000 tairbhí ar chlár FET agus seirbhísí. Tugann BOOLUF bainistíocht ar naoi scoil iarbhunscoile agus dhá Ionad FET ilchláir déag, agus is pátrún é in éineacht le comhlachtaí eile ar chúig Scoil Pobail. Tá freagracht ag BOOLUF tacú le foráil, comhordú, riaracháin, agus measúnú ar sheirbhísí oibre óige ina limistéar feidhmíochta, trí chomhoibríocht le hinstiúidí eile, tacaíocht a thabhairt do réimse leathan cláracha agus gníomhaireachtaí chun oideachas agus cláir oiliúna a sheachadadh nach féidir leis na seirbhísí oideachais gnách i Laois agus Uíbh Fhailí. Tá go leor taithí ag BOOLUF ag obair i gcomhoibríocht le go leor grúpaí reachtúla, pobail, agus deonacha. Tugtar ionadaíocht d'fhoireann bainistíochta agus foireann BOOLUF ar go leor boird agus coistí thar dhá chontae Laoise agus Uíbh Fhailí. Tugann an cur chuige comhpháirtíochta seo deiseanna do go leor grúpaí agus eagraíochtaí eolas a roinnt maidir le seirbhísí agus oibriú le chéile chun bearnaí a aithint i bhforáil go háitiúil agus seirbhísí bhreise a thabhairt nuair is gá.

7. PRÍOMH-THIONSCNAIMH CAIPITIL

In 2020 beidh BOOLUF ag cur tús leis na Príomh-thionscnaimh Caipitil a leanas:

Coláiste Pobail Oaklands, Baile Éadan Doire

Scoil nua ar shuíomh glas chun freastal do 1,000 dalta. Rinne DES an tionscnamh seo a ainmniú ag leibhéal deacrachta 3(7) le luach chaipitil barúlach €20,600,000 breis VAT.

Ceapadh Foireann Deartha agus tá obair ar siúil chun deartha, tairiscint ar Chonraitheoir, agus tús a chur le próiseas tógála na scoile.

Síneadh Mór – Ard Scoil Chiarán Naofa Clara

Tá síneadh 3,812m² le tosú chun Halla PE agus dhá Sheomra Ranga SNU a chur leis. Beidh Ardscoil Chiarán Naofa ag freastal do 350 dalta nuair atá an tionscnamh críochnaithe.

Ceapadh Foireann Deartha agus tá obair ar siúil chun deartha, tairiscint ar Chonraitheoir, agus tús a chur le próiseas tógála na scoile.

Coláiste Dhún Másc

Lóistín Sealadach: Ceapadh Foireann Dhearaidh chun Ionad Tower Hill a athchóiriú chun freastal do chlárúchán méadaithe don bhliain scoile 2020/2021.

Beidh costas timpeall €868,685.00 ex VAT ag na oibreacha sin.

Cheannaigh BOOLUF suíomh glas le haghaidh scoile nua do Choláiste Dhún Másc. Beidh an scoil deartha chun freastal do 1000 dalta. In 2020 beidh BOOLUF ag ceapadh Foirne Dearaidh chun obair a thosú ar an tionscnamh mór seo.

8. FÁLTAIS AGUS CAITEACHAS MEASTA DO 2020

BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA LAOISE AGUS UÍBH FHAILÍ FÁLTAIS AGUS CAITEACHAIS MEASTA

FÁLTAIS	BLIAIN DÁR GCRÍOCH 31/12/2020	BLIAIN DÁR GCRÍOCH 31/12/2019
Deontas do Scoileanna Iarbhunscoile agus Príomhoifig	31,668,212	33,207,489
Deontais Breisoideachais agus Oiliúna	28,911,200	20,761,539
Deontais do Sheirbhísí Óige	502,022	475,913
Gníomhaireachtaí agus Tionscnaimh Féin-mhaoinithe	2,252,606	2,257,719
Caipitil	3,006,397	2,237,401
	66,340,437	58,940,061

ÍOCAÍOCHTAÍ	BLIAIN DÁR GCRÍOCH 31/12/2020	BLIAIN DÁR GCRÍOCH 31/12/2019
Deontas do Scoileanna Iarbhunscoile agus Príomhoifig	31,668,212	33,015,078
Breisoideachas agus Oiliúint	28,911,200	21,641,257
Seirbhísí Óige	502,022	437,932
Gníomhaireachtaí agus Tionscnaimh Féin-mhaoinithe	2,252,606	2,517,505
Caipitil	3,006,397	1,355,854
	66,340,437	58,967,626

BARRACHAS AIRGID / (EASNAMH) DON TRÉIMHSE	0	(27,565)
--	----------	-----------------

Nóta: Tá táirgeacht 2019 faoi réir iniúchta.

BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA LAOISE AGUS UÍBH FHAILÍ CAITEACHAIS MEASTA - SCOILEANNA AGUS PRÍOMHOIFIG

ÍOCADH	BLIAIN DÁR GCRÍOCH 31/12/2020	BLIAIN DÁR GCRÍOCH 31/12/2019
Teagasc	25,730,637	27,409,661
Riarachán	2,283,102	2,178,788
Cothabháil	620,960	591,444
	28,634,699	30,179,893

NEAMH-ÍOCTHA	BLIAIN DÁR GCRÍOCH 31/12/2020	BLIAIN DÁR GCRÍOCH 31/12/2019
Riarachán	914,477	934,093
Cothabháil	304,826	314,650
Teagasc	685,858	695,742
	1,905,160	1,944,485

CLÁIR GAOLTA	BLIAIN DÁR GCRÍOCH 31/12/2020	BLIAIN DÁR GCRÍOCH 31/12/2019
Tacaíocht do Sheirbhísí Scoile	371,415	316,270
Straitéis Dhigiteach do Scoileanna	248,435	113,165
Deontas Leabhair/Daltaí Speisialta	129,552	118,188
DEIS	129,000	126,894
Coimhdeacht Iompair	86,834	51,700
Eile - 14 clár	163,117	164,483
	1,128,353	890,700

IOMLÁN	31,668,212	33,015,078
---------------	-------------------	-------------------

Breacadh síos ar chaiteachas d'aon tionscnamh le caiteachas níos mó ná €50k. An chuid eile faoi réir an cheannlitreach eile.

BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA LAOISE AGUS UÍBH FHAILÍ CAITEACHAIS MEASTA - BREISOIDEACHAS AGUS OILIÚINT

CLÁIR BREISOIDEACHAIS	BLIAIN DÁR GCRÍOCH 31/12/2020	BLIAIN DÁR GCRÍOCH 31/12/2019
Uaireanta Chomh-oibriúcháin	3,450,000	0
VTOS	2,410,000	2,167,162
Youthreach	2,387,000	2,129,299
PLC	1,871,000	67,200
Ar ais go Tionscnaíocht Oideachais	1,075,000	916,131
Inniúlacht Fhásta	915,000	732,282
Oideachas Pobail	198,000	136,678
Scileanna don Obair	104,000	90,545
Clár na dTeifeach	60,000	62,035
Measúnú QQI Réadtiomnaithe go hÁitiúil	60,000	50,646
Teagasc Inniúlachta Dian	56,000	56,490
Eile - 3 clár	53,000	44,969

TACAÍOCHT AR FHORÁIL CHLÁIR BREISOIDEACHAIS	BLIAIN DÁR GCRÍOCH 31/12/2020	BLIAIN DÁR GCRÍOCH 31/12/2019
Seirbhís Fhaisnéise Treoraíochta do Bhreisoideachas	200,000	209,920
Cur chun cinn agus Fógraíocht	125,000	124,125
Eile - 3 clár	58,000	36,950

COSTAIS FOIRNE BREISOIDEACHAIS AGUS OIBRIÚCHÁIN	BLIAIN DÁR GCRÍOCH 31/12/2020	BLIAIN DÁR GCRÍOCH 31/12/2019
Costais Párolla FET	2,729,000	2,717,126
Costais Oibríochta FET	1,990,000	1,918,063
Iasacht SOLAS	70,200	67,707
Forbairt Chláir Printíseachta Scaflála	0	15,700
	17,811,200	11,543,028

Breacadh síos ar chaiteachas d'aon tionscnamh le caiteachas níos mó ná €50k.
An chuid eile faoi réir an cheannlitreach eile.

BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA LAOISE AGUS UÍBH FHAILÍ CAITEACHAIS MEASTA - SCOILEANNA AGUS PRÍOMHOIFIG

OILIÚINT	BLIAIN DÁR GCRÍOCH 31/12/2020	BLIAIN DÁR GCRÍOCH 31/12/2020
Cúrsaí Oiliúna	4,000,000	3,158,808
Printíseachtaí	2,150,000	2,579,747
Soláthraithe Oiliúna Speisialaithe (STP)	2,350,000	2,054,975
Ionaid Oiliúna Pobail	1,200,000	1,229,545
Tionscnaíochtaí Oiliúna Áitiúla	900,000	780,783
Scileanna chun dul ar aghaidh	500,000	269,054
Eile - 2 chlár	0	25,317
	11,100,000	10,098,229
IOMLÁN	28,911,200	21,641,257

*Breacadh síos ar chaiteachas d'aon tionscnamh le caiteachas níos mó ná €50k.
An chuid eile faoi réir an cheannlitreach eile.*

PLEAN SEIRBHÍSE 2020



European Union
Investing in your future
European Social Fund



Aontas Eorpach
Ag inneistiú | do dhán
Ciste Sóisialta na hEorpa



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

www.loetb.ie